**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1960 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17 Deireadh Fómhair 2022**

**lena socraítear na truicearmhéideanna le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024 lena bhféadfaí tús a chur le cur i bhfeidhm dleachtanna allmhairiúcháin breise ar thorthaí agus ar ghlasraí áirithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus, go háirithe Airteagal 183, an chéad mhír, pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 39 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún ([2]) go bhféadfar dleacht allmhairiúcháin bhreise dá dtagraítear in Airteagal 182(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chur i bhfeidhm maidir leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin agus le linn na dtréimhsí a liostaítear inti. Maidir le cainníocht aon cheann de na táirgí a chuirtear i saorchúrsaíocht ar feadh aon cheann de na tréimhsí cur i bhfeidhm a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, ní mór feidhm a bheith ag an dleacht allmhairiúcháin bhreise sin i gcás inar mó í ná truicearmhéid na n-allmhairí i gcás an táirge sin in aon bhliain amháin. Ní fhéadfar dleachtanna breise allmhairiúcháin a fhorchur nuair nach dócha go suaithfidh na hallmhairí margadh an Aontais, nó i gcás ina mbeadh na héifeachtaí díréireach i gcomparáid leis an gcuspóir atá beartaithe.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 182(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, truicearmhéideanna na n-allmhairí lena bhféadfaí tús a chur le cur i bhfeidhm dleachtanna allmhairiúcháin breise ar thorthaí agus ar ghlasraí áirithe, tá siad cothrom le 125 % de mheánallmhairí gach táirge lena mbaineann le linn na tréimhse cur chun feidhme le haghaidh na 3 bliana roimhe sin toisc nach gcuirtear tomhaltas intíre san áireamh.. Ar bhonn na sonraí arna gcur in iúl ag na Ballstáit le haghaidh na mblianta 2019, 2020 agus 2021, ba cheart na truicearmhéideanna i gcás torthaí agus glasraí áirithe a shocrú le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024.

(3) Ós rud é go dtosóidh an tréimhse ina gcuirfear i bhfeidhm dleachtanna allmhairiúcháin breise a d'fhéadfadh a bheith ann mar a leagtar amach í in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 an 1 Eanáir i gcás roinnt táirgí, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2023,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024, leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo na truicearmhéideanna dá dtagraítear in Airteagal 182(1), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i gcás na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO L 138, 25.5.2017, lch. 57).

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Na truicearmhéideanna i gcás na dtáirgí agus na dtréimhsí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, ar truicearmhéideanna iad lena bhféadfaí tús a chur le cur i bhfeidhm dleachtanna allmhairiúcháin breise**

Gan dochar do na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, meastar nach bhfuil sa tuairisc ar na táirgí ach tuairisc tháscach. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is le raon feidhme na gcód AC mar a bheidh siad tráth a ghlacfar an Rialacháin seo a chinnfear raon feidhme na ndleachtanna allmhairiúcháin breise.

| Sraithuimhir | Cód AC | Tuairisc ar tháirgí | Tréimhse iarratais | | Truicearmhéid (tonaí) |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2024 | |
| 78.0020 | 0702 00 00 | Trátaí | Ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair | | 105 518 |
| 78.0015 | | | Ón 1 Deireadh Fómhair | go dtí an 31 Bealtaine | 689 880 |
| 78.0065 | 0707 00 05 | Cúcamair | Ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Deireadh Fómhair | | 59 702 |
| 78.0075 | | | Ón 1 Samhain | go dtí an 30 Aibreán | 36 105 |
| 78.0085 | 0709 91 00 | Bliosáin | Ón 1 Samhain | go dtí an 30 Meitheamh | 13 312 |
| 78.0100 | 0709 93 10 | Cúirséid | Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig | | 77 645 |
| 78.0110 | 0805 10 22<br>0805 10 24<br>0805 10 28 | Oráistí | Ón 1 Nollaig | go dtí an 31 Bealtaine | 359 707 |
| 78.0120 | 0805 22 00 | Cleimintíní | Ón 1 Samhain | go dtí deireadh mhí Feabhra | 85 252 |
| 78.0130 | 0805 21<br>0805 29 00 | Mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí); builcíní agus hibridí citris comhchosúla | Ón 1 Samhain | go dtí deireadh mhí Feabhra | 140 254 |
| 78.0160 | 0805 50 10 | Líomóidí | Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine | | 59 771 |
| 78.0155 | | | Ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig | | 411 086 |
| 78.0170 | 0806 10 10 | Fíonchaora boird | Ón 16 Iúil go dtí an 16 Samhain | | 81 284 |
| 78.0175 | 0808 10 80 | Úlla | Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Lúnasa | | 323 981 |
| 78.0180 | | | Ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig | | 63 904 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 78.0220 | 0808 30 90 | Piorraí | Ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán | | 135 993 |
| 78.0235 | | | Ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig | | 27 870 |
| 78.0250 | 0809 10 00 | Aibreoga | Ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Iúil | | 11 842 |
| 78.0265 | 0809 29 00 | Silíní seachas silíní searbha | Ón 16 Bealtaine go dtí an 15 Lúnasa | | 47 293 |
| 78.0270 | 0809 30 | Péitseoga, lena n-áirítear neachtairíní | Ón 16 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair | | 18 937 |
| 78.0280 | 0809 40 05 | Plumaí | Ón 16 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair | | 49 195 |